

COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE



Aonad 2

COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACTH DHIGITEACH



Réitigh a Dhearadh (1)

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Cur síos ar ról úsáideora deiridh nuair a bhíonn fréamhshamhail córas digiteach á forbairt;
- Cuir síos ar fheidhm na n-eilimintí seo a leanas de dhoiciméadú dearadh ilmheáin:
 - Spriocghrúpa agus riachtanais úsáideora;
 - Dearadh struchtúr nascleanúna;
 - Scéalchlár;
 - Foinsí íomhánna;
 - Amlíne scannáin; agus
 - Cur síos ar aon eilimintí scriptithe den réiteach agus foinse na scripte.

Inneachar Réitigh a Dhearadh (1)

- Ról an úsáideora deiridh
- Feidhm an spriocghrúpa agus na riachtanas úsáideora
- Feidhm scéalchláir
- Feidhm fhoinsí na n-íomhánna
- Feidhm amlíne scannáin
- Feidhm na gcur síos ar eilimintí scriptithe agus a bhfoinse

Úsáideoir deiridh

I ndeireadh na dála, is é an t-úsáideoir deiridh an duine a úsáidfidh píosa bogearraí nó córas digiteach nuair a chruthaítear é. Imríonn an t-úsáideoir deiridh ról tábhachtach i bhforbairt córais mar go bhfuil sé á chruthú ar mhaithe le cuspóir nó le “úsáideoir” ar leith. I ndiaidh córas a chruthú, déanfaidh daoine atá cosúil leis an úsáideoir deiridh tástáil air lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm.

Spríocghrúpa

Agus córas á fhorbairt, is gnách go mbíonn grúpa daoine ar intinn ag na cruthaitheoirí a úsáidfidh an córas. Tugtar an Spríoc-Ghrúpa ar na daoine seo. Mar shampla, agus córas cíosa á fhorbairt do leabharlann, is iad na leabharlannaithe an spríocghrúpa, mar is iadsan na príomhúsáideoirí.


Ar an dóigh chéanna, má tá suíomh gréasáin á fhorbairt, is é an spríocghrúpa ná na daoine a bhfuil an suíomh dírithe orthu.

Riachtanais Úsáideora

A luaithe agus a dhéantar iarratas córas nua digiteach a chruthú, déanfaidh na forbróirí taighde lena fháil amach cad é ba chóir le príomhúsáideoir an chórais é a dhéanamh. Is féidir seo a dhéanamh trí thaighde a chomhlánú i dtús agus i ndeireadh chéim na forbartha. Mar shampla, is féidir leis na forbróirí córais taighde margaiochta a dhéanamh trí fhiafraí de na leabharlannaithe cad é ba mhaith leo go ndéanadh a gcóras nua.

Dearadh Struchtúr Nascleanúna


Agus suíomh gréasáin nó córas digiteach á dhearadh agat, is den tábhacht a thuiscint an dóigh a bhfuil gach eilimint nasctha le chéile, mar shampla, an dóigh a bhfuil gach leathanach gréasáin nasctha lena chéile. De ghnáth, faigheann forbróirí an dóigh a mbeidh an córas nasctha trí liníocht a chruthú i dtús chéim na forbartha.




Struchtúr simplí nascleanúna do shuíomh gréasáin

Scéalchlár

Is é is scéalchlár ann, cur síos mionsonraithe den chosúlacht a bheidh ar an táirge deiridh. Déantar seo a dhearadh sula dtosaíonn na forbróirí ar an chóras nua a chruthú. Cuideoidh sé leis an chruthú mar go n-amharcaidh sé go mionchruinn ar an chuma ba chóir bheith ar an chóras agus an dóigh ar chóir dó feidhmiú.



All other pages will be formatted as follows:



Scéalchlár simplí do shuíomh gréasáin

Foinsí Íomhánna

Agus córas digiteach á chruthú, is tábhachtach smaoineamh ar an áit a bhfaighfear na híomhánna a bheidh in úsáid. Thig le híomhánna teacht ó fhoinsí difriúla, mar shampla:

- Foinsí bunaidh
- An t-idirlíon (ní mór cóipcheart a thabhairt san áireamh)
- Íomhánna cruthaithe ag úsáid bogearraí ar nós Photoshop nó Adobe Fireworks

Thig le méid na n-íomhánna dul i bhfeidhm ar an dóigh a bhfeidhmeoidh córas digiteach. Má tá an íomhá rómhór, is féidir leis an ráta feidhmiúcháin a mhoilliú; má tá an íomhá róbheag, is féidir leis bheith deacair don úsáideoir í a fheiceáil.

Is féidir le cóipcheart bheith ina chúis imní má úsáideann an forbróir íomhánna ón idirlíon, mar sin de, ní mór dóibh a chinntiú go bhfaigheann siad cead ón cruthaitheoir sula mbaineann siad úsáid as íomhá ar bith.

Is féidir tábla sócmhainní a úsáid leis an áit ar tháinig gach sócmhainn as a dhoiciméadú, chomh maith leis an dóigh ar baineadh úsáid aisti.

Ainm	Cineál	Foinse	An áit a n-úsáidtear

Amlíne Scannáin

Má tá fisghearrthóg ghairid á cur suas ar shuíomh gréasáin nó má tá scannán á chruthú tá sé tábhachtach a bhforbairt a phleanáil. Tá amlíne scannáin an-chosúil le scéalchlár ach amháin go gcaithfear amanna a chur isteach lena thaispeáint don fhorbróir cé chomh fada agus a mhairfidh gach gearrthóg.

Cuir síos ar aon Eilimintí Scriptithe / Foinse na Scripte

Agus suíomh gréasáin nó córas digiteach á chruthú, ní mór cur síos a dhéanamh ar aon chódú atá le cruthú. Cinntíonn seo go bhfuil a fhios ag na forbróirí cad é atá an script ag iarraidh a chur in iúl. Tá seo thar a bheith úsáideach má tá breis agus aon fhorbróir amháin ag obair ar an tionscadal chéanna ag an am chéanna. Taobh istigh den chur síos, ba chóir go mbeadh nóta faoin áit a bhfuarthas an script nó cé a scríobh gach píosa den script. Is cuidiú é seo, má, más amhlaidh go bhfuil earráidí ar bith ann, tá a fhios agat cé a chruthaigh é agus thig leo aon fhadhbanna a dhí-fhabhtú.

Ceisteanna Scrúdaithe

1. Cad chuige a bhfuil ról an úsáideora deiridh tábhachtach agus fréamhshamhail á dearadh do chóras digiteach?

(2)

2. Cad chuige a bhfuil sé úsáideach scéalchlár a chruthú sula dtosaítear ar an chóras a fhorbairt?

(2)

3. Cad é an difríocht idir scéalchlár agus amlíne scannáin?

(1)

4. Cad chuige ar chóir an spriocghrúpa agus riachtanais úsáideora a mheas roimh chóras digiteach a chruthú?

(3)

Íomhánna:

<http://www.desartlab.com/e-commerce-website-design-tips>

<http://dianadell.com/webworkshop/storyboard.htm>

